## Leas-Bhainisteoir um Achtanna Athbhreithnithe sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí

**Faisnéis Chúlra faoin bpost**

Comhlacht reachtúil a bunaíodh leis an *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, is ea an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (an Coimisiún). Tá cúigear comhaltaí ag an gCoimisiún: an tUachtarán, Coimisinéir lánaimseartha, agus triúr Coimisinéirí páirtaimseartha. Is é an ról atá aige an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí iarmhartacha a dhéanamh le haghaidh athchóiriú an dlí, agus an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do gach duine.
Faigheann na Coimisinéirí tacaíocht ó fhoireann an Choimisiúin, a chuimsíonn an Stiúrthóir Taighde, an Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht, an Ceann Riaracháin, beirt Leas-Stiúrthóirí Taighde, an Leas-Bhainisteoir um an Eolaire Reachtaíochta, an Leas-Bhainisteoir um Achtanna Athbhreithnithe, an Bainisteoir Faisnéise Dlí, deichniúr taighdeoirí dlí, agus ceathrar ball foirne riaracháin.

**Feidhm an Phoist:**

Is é an post atá i gceist an ról mar Leas-Bhainisteoir um Achtanna Athbhreithnithe ar an bhfoireann um Rochtain ar Reachtaíocht sa Choimisiún. Déanann an fhoireann sin reachtaíocht ina riocht reatha níos inrochtana don phobal trí Eolaire Reachtaíochta ina bhfuil leasuithe ar reachtaíocht phríomha agus reachtaíocht thánaisteach, rogha de níos mó ná 500 Acht Athbhreithnithe (Achtanna arna leasú, seachas Achtanna arna n-achtú), Liosta Aicmithe de Reachtaíocht atá i bhFeidhm agus faisnéis ghaolmhar eile a tháirgeadh. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar ár suíomh Gréasáin: https://www.lawreform.ie.

Tuairisceoidh an Leas-Bhainisteoir um Achtanna Athbhreithnithe don Bhainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht. Cabhróidh sé/sí le bainistiú a dhéanamh ar na taighdeoirí dlí atá sannta don fhoireann sin. Comhroinnfidh sé/sí freagracht as gnáthbhainistiú laethúil na foirne chun a chinntiú go mbíonn cuspóirí agus spriocanna sonraithe á gcomhlíonadh.

**Príomhfhreagrachtaí:**

- Gníomhú mar Leas-Bhainisteoir um Achtanna Athbhreithnithe, agus cúnamh a thabhairt don Bhainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht agus don Leas-Bhainisteoir um an Eolaire Reachtaíochta, go háirithe i ndáil le hAchtanna Athbhreithnithe;
- I gcomhar leis an mBainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht agus leis an Leas-Bhainisteoir um an Eolaire Reachtaíochta, ról gníomhach a imirt maidir le hAchtanna Athbhreithnithe a bhainistiú agus a tháirgeadh ar bhealach an-chruinn, agus cabhrú le TFC a fhorbairt, lena n-áirítear feidhmchláir intleachta saorga, chun táirgiúlacht agus cruinneas a mhéadú i ndáil le hobair i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht, agus leas á bhaint as scileanna cóipeagarthóireachta, scileanna taighde dlí, scileanna TF agus scileanna gaolmhara;
- Cabhrú le forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean gnó um Rochtain ar Reachtaíocht, go háirithe i ndáil le hAchtanna Athbhreithnithe;
- Taighdeoirí dlí a oiliúint chun an plean gnó um Rochtain ar Reachtaíocht a chomhlíonadh, go háirithe i ndáil le hAchtanna Athbhreithnithe;
- Achtanna Athbhreithnithe a athbhreithniú, dearbhú cáilíochta a dhéanamh ina leith, agus iad a fhoilsiú ar an suíomh Gréasáin;
- A chinntiú go ndéantar dlúthmhaoirseacht agus seiceáil thráthrialta ar obair gach taighdeora dlí chun ardchaighdeán a chothabháil, agus aghaidh á tabhairt ar aon saincheisteanna feidhmíochta a thagann chun cinn;

- Cumas daoine eile a fhorbairt trí aiseolas, trí oiliúint agus trí dheiseanna a chruthú le haghaidh forbairt scileanna;
- Faireachán, tomhas agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn na foirne um Rochtain ar Reachtaíocht a mhéid a bhaineann le hAchtanna Athbhreithnithe;
- Doiciméadú a dhéanamh ar mhodhanna agus córais na hoibre i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht a mhéid a bhaineann le hAchtanna Athbhreithnithe;
- Rannchuidiú le straitéis agus beartas a fhorbairt i ndáil leis an obair i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht, go háirithe i ndáil le hAchtanna Athbhreithnithe agus i ndáil le húsáid TF ina leith;
- Tabhairt faoi aon dualgais eile a shannfaidh an Coimisiún agus an Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht ó am go chéile, lena n-áirítear réimsí eile d'obair na foirne um Rochtain ar Reachtaíocht.

**CÁILÍOCHTAÍ AGUS TAITHÍ**

## Ceanglais Bhunriachtanacha:

Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu an **1 Meán Fómhair 2024** nó roimh an dáta sin:

(a) Céim onóracha nó cáilíocht choibhéiseach (ag Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) sa Dlí nó in TF, nó cáilíocht, atá inghlactha ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí mar cháilíocht choibhéiseach, inar tógadh an Dlí nó TF mar mhórábhar,

(b) Taithí phraiticiúil ar thaighde dlí a dhéanamh agus eolas ar reachtaíocht na hÉireann,

(c) Eolas domhain ar Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann agus taithí ar an Ríomhleabhar a úsáid,

(d) Cumas chun acmhainní ríomhaire agus ar líne a úsáid chun déileáil le snáitheanna casta faisnéise,

(e) Cumas chun bainistiú a dhéanamh ar obair an Choimisiúin i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht (Achtanna Athbhreithnithe) ar mhaithe le haschuir shonraithe a sholáthar laistigh d'amlínte riachtanacha agus de réir ardchaighdeán infhíoraithe cáilíochta agus cruinnis,

(f) Cumas chun daoine a bhainistiú agus chun daoine eile a stiúradh chun gur féidir leo a gcumas a fhorbairt agus a bhfeidhmíocht a uasmhéadú.

## Ceanglais inmhianaithe:

Ina theannta sin, ba cheart d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu agus a bheith in ann iad a léiriú:

- Tuiscint ar an ról atá ag an gCoimisiún i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht agus ar a riachtanaí atá sé reachtaíocht atá cruinn agus cothrom le dáta a sholáthar ar líne don phobal;

- Cumas chun caidreamh éifeachtach a dhéanamh laistigh den Choimisiún agus lasmuigh de araon, ar mhaithe le líonra teagmhálaithe a chur le chéile agus a chothabháil chun réiteach fadhbanna nó comhroinnt faisnéise a éascú chun tairbhe don fhoireann um Rochtain ar Reachtaíocht, agus cumas chun comhoibriú le páirtithe leasmhara eile chun feabhas a chur ar rochtain ar reachtaíocht;

- Cumas chun rannchuidiú le straitéis agus beartas um Rochtain ar Reachtaíocht a fhorbairt, lena n-áirítear beartas TF;

